# Cairt Chustaiméirí

**Déanaimid ár ndícheall**
An cúram is fearr a sholáthar duit ar bhealach éifeachtach comhbhách.

## Cuirtéis agus Tuiscint

**Tá tú i dteideal i gcónaí seirbhís a fháil:**

- Ar bhealach éifeachtach cuirtéiseach.
- Le haird chuí ar phríobháideachas agus rúndacht.
- Ó fhoireann chairdiúil chuiditheach.

## Comhionannas, Oscailteacht agus Neamhchlaontacht

**Geallaimid:**

- Go n-áiritheoimid an ceart chun cóir chomhionann arna bhunú le reachtaíocht chomhionannais.
- Go ndéileálfaimid leat ar bhealach cothrom oscailte.
- Go bpléifimid aon ghné de do dhéileálacha linn.
- Go míneoimid conas a rinneadh cinneadh.

## Ár bhFeidhmíocht

**Geallaimid:**

- Go ndéanfaimid faireachán agus measúnú ar ár bhfeidhmíocht.
- Go ndéanfaimid iniúchadh ar fhorbairt agus ar sholáthar ár gcuid seirbhísí d’fhonn freastal do riachtanais.
- Go gcuirfimid oiliúint ar ár bhfoireann chun freastal do riachtanais ar bhonn leanúnach.

## Rochtain

**Déanaimid dianiarracht:**

- Oifigí poiblí glana inrochtana a sholáthar a chinntíonn príobháideachas, a chomhlíonann caighdeáin cheirde agus shábháilteachta agus a éascaíonn rochtain do dhaoine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- Freastal dár gcuid custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

# Is féidir leatsa cuidiú linne cuidiú leatsa mar a leanas

- Trí bharúlacha a nochtadh nó trí ghearáin nó moltaí a dhéanamh maidir leis na seirbhísí a fhaigheann tú.
- Trína chur in iúl dúinn nuair a dhéanaimid rud éigin go héifeachtach.
- Trí fhaisnéis iomlán chruinn a sholáthar.
- Trí uimhreacha tagartha a lua más eol.
- Trí gach foirm iarratais a chomhlánú go cúramach soléite.
- Trí aon athruithe ar imthosca/ar fhaisnéis a chur in iúl dúinn.